



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.7.2025
COM(2025) 331 final

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le haontachas an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) leis an gCreat-Chomhaontú nua le haghaidh comhar idirnáisiúnta ar thaighde agus forbairt i ndáil le Córais Ghlúin IV don Fhuinneamh Núicléach

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is creat é Fóram Idirnáisiúnta Ghlúin IV (GIF) le haghaidh comhar idirnáisiúnta i dtaighde agus i bhforbairt (T&F) a seoladh ar thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM) in 2001. Is é an cuspóir atá ann iarrachtaí a chomhthiomsú chun dearáí nua don chóras fuinnimh núicléach a fhorbairt, lena soláthrófar soláthar iontaofa fuinnimh, agus aghaidh á tabhairt go sásúil ag an am céanna ar shábháilteacht núicléach, laghdú dramhaíola, neamhleathadh agus ábhair inní don phobal.

An 30 Iúil 2003, le Cinneadh C(2002) 4287 ón gCoimisiún, chuaigh Euratom isteach i dtionscnamh GIF trína Chairt ('an Chairt') a shíniú, a shínigh na sínitheoirí tosaigh in 2001. Leathnaíodh rannpháirtíocht Euratom sa Chairt tar éis Chinneadh C(2011) 4504 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2011. Ar an ócáid sin, athraíodh an tréimhse tosaigh 10 mbliana go tréimhse neamhtheoranta, mura scoirfí di le toiliú d'aon toil nó i gcás ina dtarraingeodh sínitheoir amháin siar. Níl aon fhoráil sa Chairt maidir le malartuithe airgeadais ná leithdháiltí buiséadacha speisialta idir na Páirtithe.

Chun an Chairt a chur chun feidhme, rinne formhór chomhaltaí GIF 'Creat-Chomhaontú le haghaidh comhar idirnáisiúnta maidir le taighde agus forbairt ar Chórais Ghlúin IV don Fhuinneamh Núicléach' ('Creat-Chomhaontú 2005') atá ceangailteach ó thaobh dlí de, ina leagtar amach na coinníollacha maidir le comhar a mhionsonrófar a thuilleadh in ionstraimí ina dhiaidh sin ar a dtugtar Socruithe Córais agus Socruithe Tionscadail. D'aontaigh Euratom do Chreat-Chomhaontú 2005 trí ionstraim aontachais a thaisceadh le Gníomhaireacht um Fhuinneamh Núicléach (NEA) na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta i bPáras an 10 Feabhra 2006¹. Dheimhnigh Euratom a Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) chun bheith ina Ghníomhaire Cur Chun Feidhme chun rannpháirtíocht Euratom in GIF a chomhordú, i gcomhréir le hAirteagal III.2 de Chreat-Chomhaontú 2005. Trí aontachas Euratom le Creat-Chomhaontú 2005, d'fhéadfadh aon Bhallstát, a eagraíochtaí taighde poiblí nó príobháideacha nó a thionscal ranníocaíochtaí díreacha a dhíriú ar thionscadail T&F GIF.

Tháinig Creat-Chomhaontú 2005 i bhfeidhm an 28 Feabhra 2005 ar feadh thréimhse 10 mbliana agus cuireadh síneadh 10 mbliana eile leis an 26 Feabhra 2015. Shínigh Euratom an síneadh an 16 Samhain 2016². Faoin gcomhaontú maidir le síneadh, bhí na Páirtithe nach raibh in ann an síneadh a shíniú faoin 28 Feabhra 2015 fós in ann comhoibriú faoi na Socruithe Córais agus Socruithe Tionscadail ar bhonn idirthréimhseach.

Bhí Creat-Chomhaontú 2005 sínithe cheana féin ag an bhFrainc agus ag an Ríocht Aontaithe roimh aontachas Euratom (cé go raibh a nósanna imeachta aontachais tugtha chun críche ag an bhFrainc, ní raibh ag an Ríocht Aontaithe). Chun comhsheasmhacht a áirithiú, cuireadh an dearbhú seo a leanas ó Euratom i gceangal le Cinneadh 14929/05 ón gComhairle, lena bhformheastar aontachas tosaigh Euratom leis an gComhaontú:

'Agus é ag teacht chun bheith ina Pháirtí sa Chreat-Chomhaontú seo, glacfaidh Euratom páirt iomlán i ngach comhoibriú agus plé faoin gCreat-Chomhaontú seo agus in aon Socrú Córais a bhfuil sé ina shínitheoir ann. Déanfaidh Euratom agus a Bhallstáit ar páirtithe iad sa Chreat-Chomhaontú — an Fhrainc agus an Ríocht

¹ Cinneadh C(2006)7 ón gCoimisiún an 12.1.2006, bunaithe ar Chinneadh 14929/05 ón gComhairle an 20.12.2005.

² Cinneadh C(2016) 3772 final ón gCoimisiún.

Aontaithe faoi láthair — a seasaimh a chomhchuibhiú sula ndéanfar aon chinneadh mór i gcur chun feidhme an Chreat-Chomhaontaithe agus na Socruithe Córais ábhartha’.

Rinneadh an dearbhú céanna sin a tharchur le hionstraim aontachais Euratom le Comhaontú 2005.

Tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, bhí sí ina Páirtí sa Chreat-Chomhaontú trí dhaingniú i mí Dheireadh Fómhair 2018.

Is iad seo a leanas na Páirtithe reatha i gCreat-Chomhaontú 2005: An Astráil, Ceanada, an tSín, an Fhrainc, Euratom, an tSeapáin, Poblacht na Cóiré, Cónaidhm na Rúise, an Afraic Theas, an Eilvéis, an Ríocht Aontaithe agus SAM. Shínigh an Airgintín agus an Bhrasaíl an Chairt freisin ach níor aontaigh siad do Chreat-Chomhaontú 2005; meastar gur ‘comhaltaí neamhghníomhacha’ de chuid GIF iad.

Rachaidh Creat-Chomhaontú 2005 in éag an 28 Feabhra 2025. Go luath in 2023, chuir roinnt comhaltaí GIF in iúl go raibh inní orthu nach mbeadh an creat atá ann faoi láthair iomchuí don todhchaí, go háirithe mar gheall ar an staid gheopholaitiúil tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, rud a chuir cosc ar chomhar tairbheach le ceann de na Páirtithe atá ann faoi láthair i gCreat-Chomhaontú 2005. Ag cruinniú Ghrúpa Beartais GIF i mí Aibreáin 2023, chuir an Grúpa Beartais de chúram ar a Chathaoirleach roghanna a fhorbairt seachas síneadh trí leasú, chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní sin. Chuir Taiscí an Chreat-Chomhaontaithe (NEA/ECFE) an Páirtí lena mbaineann (Cónaidhm na Rúise) ar an eolas go bhfuil sé ar intinn ag na Páirtithe eile gan comhoibriú leis amach anseo.

D’oibrigh Cathaoirleach Ghrúpa Beartais GIF (SAM don tréimhse 2022-2024) leis na Leas-Chathaoirligh (Ceanada, an Fhrainc, an tSeapáin agus Poblacht na Cóiré faoi seach), leis an Stiúrthóir Teicniúil (post atá ag SAM) agus leis an Stiúrthóir Beartais (post atá ag an Ríocht Aontaithe) agus dhréachtaigh sé plean chun dul i mbun comhair a tionscnaíodh faoin gCairt faoi Chreat-Chomhaontú nua, a bheidh le síniú ag na Páirtithe atá toilteanach go frithpháirteach i gCreat-Chomhaontú 2005.

Leis an bplean atá molta ag an nGrúpa Beartais chun leanúnachas na hoibre atá á déanamh faoi láthair ag comhaltaí toilteanacha GIF a áirithiú, déantar foráil maidir le Creat-Chomhaontú nua, a thiocfaidh i bhfeidhm díreach tar éis fhoirceannadh an chinn atá i bhfeidhm faoi láthair, agus na cuspóirí eolaíocha agus teicniúla céanna á saothrú ag an am céanna.

Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht agus leis an bplé ar dhréacht-téacs Chreat-Chomhaontú nua GIF, ar cheart dó teacht i bhfeidhm an 1 Márta 2025, ar thionscnamh Chathaoirleach Ghrúpa Beartais GIF. Reáchtáladh babhtaí caibidlíochta ar an láthair agus ar líne idir mí Eanáir agus mí Aibreáin 2024, agus bhí baint ag na Páirtithe reatha uile (a ndéanann a nGníomhairí Cur Chun Feidhme ionadaíocht orthu), seachas Cónaidhm na Rúise, an tSín agus an Afraic Theas (cé gur tugadh cuireadh don dá pháirtí dheireanacha sin). Is é an t-aon chuspóir atá leis an gCreat-Chomhaontú nua creat atá ceangailteach ó thaobh dlí a chruthú chun go mbeifear in ann obair T&F a dhéanamh ar leibhéal an tionscadail.

I bhfianaise na tréimhse teoranta le haghaidh na bpléití ullmhúcháin as ar eascair tús na caibidlíochta (ó mhí na Nollag 2023 go mí Eanáir 2024), ghlac JRC páirt ina Ghníomhaire Cur Chun Feidhme agus ina ionadaí Euratom sa Ghrúpa Beartais agus ní mar ionadaí sainordaithe Euratom sa chaibidlíocht maidir leis an gCreat-Chomhaontú nua.

Dhearbhaigh Gníomhaire Cur Chun Feidhme na hAstráile go raibh sé sa staid chéanna le Euratom.

Tugadh cuireadh do Ghníomhairí Cur Chun Feidhme na hAstráile agus Euratom araon freastal ar na babhtaí caibidlíochta mar bhreathnóirí. Dá bhrí sin, bhí cead acu barúlacha a thabhairt agus páirt a ghlacadh sa phlé, ach ní raibh cead acu modhnuithe ná téacs nua a mholadh a ghabhann leis an gCreat-Chomhaontú nua. Chuige sin, chomhordaigh Euratom leis an bhFrainc, arna hionadú ag a Gníomhaire Cur Chun Feidhme, an Coimisiún Fuinnimh Malartaigh agus Fuinnimh Adamhaigh (CEA), ar thug Rialtas na Fraince sainordú dó caibidlíocht a dhéanamh don Fhrainc.

Dhírigh an chaibidlíocht ar thrí phríomh-shaincheist shubstainteacha.

i) Sásra chun an comhar taighde céanna a shaothrú, ar comhar é a tionscnaíodh faoi Chreat-Chomhaontú 2005 faoi ionstraim athnuaite ('Creat-Chomhaontú 2025'), a bheadh ar oscailt lena shíniú do na Páirtithe reatha uile seachas do Pháirtí amháin (Cónaidhm na Rúise).

ii) Sásra lena gcuirtear san áireamh uainiú éagsúil nósanna imeachta inmheánacha daingniúcháin agus glactha na bPáirtithe (go háirithe Euratom) chun bheith ina bPáirtithe san ionstraim nua. D'áiritheofaí leis sin nach mbeadh an ionstraim nua oscailte d'aon aontachas nua ar feadh tréimhse tosaigh (socraithe mar thrí bliana le hAirteagal XIV de dhréacht-Chreat-Chomhaontú 2025), tréimhse ar lena linn a bheadh na Páirtithe reatha in ann a nósanna imeachta aontachais a thabhairt chun críche.

iii) Sásra lena n-áiritheofaí leanúnachas teicniúil na ngníomhaíochtaí a tionscnaíodh faoin gCairt agus faoi Chreat-Chomhaontú 2005 gan tús a chur an athuair leis an bplé ar cé na heintitis (go háirithe Gníomhairí Cur Chun Feidhme) a bheadh incháilithe chun páirt a ghlacadh san ionstraim nua agus sna fo-chomhaontuithe uile faoin dlí príobháideach idirnáisiúnta a dhéanfaí a athnuachan ar a bhonn.

Trína Ghníomhaire Cur Chun Feidhme, bhí an Coimisiún in ann barúlacha a thabhairt, saincheistanna ábhartha a phlé le Gníomhairí Cur Chun Feidhme sainordaithe agus a áirithiú nár tugadh isteach aon fhoráil shubstainteach nua. Is é is aidhm d'fhoclaíocht Chreat-Chomhaontú 2025 a phríomhchuspóirí a bhaint amach: coincheapa a fhorbairt do Chóras Ghlúin IV amháin nó níos mó agus cosc a chur ar eintitis gan iarraidh nó neamhfhoraithe dul isteach in GIF.

Thug na toscaireachtaí aird chuí ar rannpháirtíocht Euratom agus ar Ghníomhaire Cur Chun Feidhme sainordaithe na Fraince arna chomhordú le Euratom le linn na caibidlíochta.

Mheas an Coimisiún go mbeadh an athnuachan atá beartaithe ar Chreat-Chomhaontú 2005 inghlactha ag Euratom agus, dá bhrí sin, chinn sé í a chur faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 101 de Chonradh Euratom.

Ní bheadh aon iarmhairt airgeadais ag an aontachas atá beartaithe le Creat-Chomhaontú 2025 do bhuiséad an Aontais. Dhéanfaí gníomhaíochtaí faoi Chreat-Chomhaontú 2025 a mhaoiniú faoi Chláir Réime Taighde agus Oiliúna Euratom.

Chun leanúnachas na dtionscadal taighde arna ndéanamh faoi Chreat-Chomhaontú 2005 a áirithiú agus ina bhfuil JRC an Choimisiúin agus eagraíochtaí taighde na mBallstát rannpháirteach, tá sé beartaithe go dtabharfaidh an Coimisiún aontachas Euratom le Creat-Chomhaontú 2025 i gcrích thar a cheann.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Cumhdaítear i gClár Taighde agus Oiliúna Euratom (2021-2025) taighde agus nuálaíocht núicléach, agus is clár cistiúcháin comhlántach é le Fís Eorpach. Tá rannpháirtíocht JRC in GIF ina Ghníomhaire Cur Chun Feidhme do Euratom sainordaithe go sainráite i gClár Taighde agus Oiliúna Euratom (féach mír 2 thíos maidir le Coimhdeacht).

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Féach an chéad phointe urchair eile.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 101, an dara mír, den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

Cé go maoineofar rannpháirtíocht i dtionscadail GIF ó bhuiséad an Aontais atá ann cheana faoi Chlár Réime Euratom le haghaidh taighde, chun bheith ina Pháirtí i gCreat-Chomhaontú 2025, tá formhuiniú ón gComhairle de dhíth toisc gur comhaontú idirnáisiúnta é a n-aontóidh Euratom dó.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach le haghaidh 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) 2018/1563³, luaitear go sainráite an méid seo a leanas:

‘Áirítear ar na gníomhaíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn seo comhar idirnáisiúnta sa taighde agus nuálaíocht núicléach le haghaidh úsáidí síochánta, bunaithe ar spriocanna comhroinnte agus ar iontaoibh fhrithpháirteach arb é is aidhm dóibh tairbhí soiléire nach beag a chur ar fáil don Aontas, dá shaoránaigh agus don chomhshaol. Áirítear leis sin comhar idirnáisiúnta trí chreataí iltaobhacha. Leanfaidh JRC, ós é an Gníomhaire Cur Chun Feidhme Euratom d’Fhóram Idirnáisiúnta Ghlúin IV (GIF) a aithnítear go foirmiúil, de ranníocaíocht agus rannpháirtíocht Chomhphobal Euratom i ngníomhaíochtaí taighde agus oiliúna GIF a éascú agus a chomhordú. Tá an ranníocaíocht le gníomhaíochtaí GIF faoi raon feidhme Chlár Euratom dírithe ar shábháilteacht, ar chosaint ar radaíocht, ar choimircí agus ar thaighde i ndáil le neamhleathadh agus gníomhaíochtaí oiliúna a bhaineann go sonrach le Córais Ghlúin IV’.

- **Comhréireacht**

N/B

- **An rogha ionstraime**

Leis an aontachas leis an gCreat-Chomhaontú, tá formhuiniú ón gComhairle de dhíth faoin dara mír d’Airteagal 101 de Chonradh Euratom.

³ IO L 167 I an 12.5.2021 (lch. 81).

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

N/B

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**
- **Bailiú agus úsáid saineolais**

N/B

- **Measúnú tionchair**

N/B

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

N/B

- **Ceartha bunúsacha**

N/B

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Maoineofar taighde faoi Chreat-Chomhaontú 2025 le buiséad Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tagann rannpháirtíocht Euratom in GIF faoi ghníomhaíochtaí Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom. Leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle na conairí tionchair agus eochairtháscairí na gconairí tionchair gaolmhara lena ndéanfar struchtúrú ar an gcaoi a ndéanfar faireachán ar fheidhmíocht Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom ó thaobh a chuspóirí sonracha a bhaint amach.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

N/B

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá Airteagail I, II agus III de Chreat-Chomhaontú 2025 mar a chéile leis na hairteagail chomhfhreagracha de Chreat-Chomhaontú 2005, cé is moite de roinnt mionleasuithe ar an bhfoclaíocht.

Tá Airteagail VI, VII agus X de Chreat-Chomhaontú 2025 comhionann leis na hairteagail chomhfhreagracha de Chreat-Chomhaontú 2005.

Leasaíodh foclaíocht Airteagal IX de bheagán. Cuireadh pointe b) le hAirteagal IX de Chreat-Chomhaontú 2025, lena gceadaítear an fhaisnéis eolaíoch agus

theicneolaíoch a chur ar fáil don phobal i gcomhréir leis na dlíthe is infheidhme de chuid gach Páirtí.

Tá Airteagal XI de Chreat-Chomhaontú 2025 comhionann le hAirteagal XI de Chreat-Chomhaontú 2005 cé is moite de roinnt mionathruithe.

Athraíodh foclaíocht Airteagal XIII ar mhaithe le soiléireacht.

Tá Airteagail IV, V, XII, XIV agus XV nua, sa mhéid go dtugtar isteach leo na sásraí is gá chun na críche atá beartaithe do Chreat-Chomhaontú 2025.

Go mionsonrach:

Baint leis an gCairt

Níl aon athrú ar theideal na hionstraim nua: ‘Creat-Chomhaontú maidir le Comhar Idirnáisiúnta ar Thaighde agus Forbairt i ndáil le Córais Ghlúin IV don Fhuinneamh Núicléach’ (Iatán 4). Cuirtear in iúl go soiléir sna haithrisí, áfach, gur ionstraim nua í seo.

Tagraítear sna haithrisí do Chreat-Chomhaontú 2005 agus úsáid á baint as an bhfoclaíocht san aimsir láithreach ‘a théann in éag an 28 Feabhra 2025’. Is amhlaidh atá toisc go bhfuil sé beartaithe ag an gcéad triúr sínitheoirí an Comhaontú athnuaite a shíniú sula rachaidh Comhaontú 2005 in éag. Mar sin féin, ní shocrófar teacht i bhfeidhm Chreat-Chomhaontú 2025 go dtí an 1 Márta 2025 ar a luaithe.

Tionóladh plé le linn na caibidlíochta maidir le cé acu a d’fhéadfaí nó nach bhféadfaí féachaint ar athnuachan an Chreat-Chomhaontaithe mar nuachan. Is coincheap é sin a chuirtear i bhfeidhm go príomha i ndlí na gconarthaí seachas sa dlí idirnáisiúnta. Leis an nuachan, aistrítear na cearta agus na hoibleagáidí faoi chonradh chuig Páirtí eile. Sa chás sin, níl cuid de na Páirtithe tosaigh ag iarraidh leanúint de bheith ag comhoibriú le Páirtí tosaigh amháin. Ní aistrítear aon chearta ná oibleagáidí; ina ionad sin, tá roinnt de na Páirtithe tosaigh ag roghnú gan an ionstraim thosaigh a athnuachan trí leasú agus ina ionad sin tá siad ag déanamh comhaontú nua, le líon laghdaithe Páirtithe. Dá bhrí sin, meastar nach bhfuil sa mhéid sin ach Creat-Chomhaontú nua a thosóidh (láithreach) tar éis don sean-Chreat-Chomhaontú dul in éag.

Ós rud é gur ionstraim pholaitiúil í cairt GIF nach bhfuil aon dáta deiridh aici, measadh go raibh riosca ag baint le spreagadh na bPáirtithe a bhfuil sé ar intinn acu Creat-Chomhaontú 2025 a shíniú chun tarraingt siar ó Chreat-Chomhaontú 2005. D’fhéadfadh sé gur fhan roinnt Páirtithe (nár iarradh orthu an Creat-Chomhaontú nua a shíniú nó nach raibh sé ar intinn acu é a shíniú) sa Chairt agus gur bhunaigh siad struchtúr comhthreomhar GIF. Ar an gcúis sin, díchúpláiltear Creat-Chomhaontú 2025 ón gCairt mar ghealltanais polaitiúil ach coinnítear a luach stairiúil. Chuige sin, b’éigean struchtúr rialachais GIF a athbhunú i gCreat-Chomhaontú 2025, ós rud é go raibh Creat-Chomhaontú 2005 ag brath ar struchtúr rialachais na Cairte, mar a léirítear in Airteagal IV de Chreat-Chomhaontú 2025.

Níos tábhachtaí fós, soláthraítear le hAirteagal IV an bunús le go leanfaidh na heintitis a dtugtar cuireadh dóibh (‘Stát nó eagraíocht idirnáisiúnta a shaináithnítear in Iarscríbhinn C a ghabhann leis an gCreat-Chomhaontú seo’) ar aghaidh go réidh le gníomhaíochtaí GIF ar feadh tréimhse trí bliana, chun nósanna imeachta daingniúcháin/críochnaithe níos faide nó níos casta a chur san áireamh, mar a dhéantar i gcás Euratom.

Áirithítear le liosta na Stát agus na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a nGníomhairí Cur Chun Feidhme ionchasacha in Iarscríbhinn C nach féidir le haon eintiteas gan iarraidh nó neamhfhióraithe (Gníomhaire Stáit nó Gníomhaire Cur Chun Feidhme) an Creat-Chomhaontú ná aon cheann de na Socruithe Córais ná na Socruithe Tionscadail athnuaite a shíniú. Leagtar síos na forálacha ábhartha in Airteagal V (go háirithe mír 8 a mhéid a bhaineann le heintitis nach sínitheoirí fós iad) agus in Airteagal XII (is iad na heintitis atá liostaithe in Iarscríbhinn C amháin atá in ann an Creat-Chomhaontú nua a shíniú nó aontú dó). Go háirithe, is é is aidhm don sásra a leagtar síos in Airteagal XII(4)(b) a áirithiú nach féidir le haon stát a ligtear isteach chun an Creat-Chomhaontú a shíniú eintiteas a d'fhéadfadh a bheith gan iarraidh (e.g. cuideachta phríobháideach faoina dhlínse) a mholadh mar Ghníomhaire Cur Chun Feidhme. Má mholann stát sínithe nó eagraíocht idirnáisiúnta eintiteas nach sainaithnítear mar 'Ghníomhaire Cur Chun Feidhme ionchasach' in Iarscríbhinn C, beidh tréimhse 90 lá ag na Páirtithe eile chun agóid a dhéanamh i gcoinne an togra.

Ar an gcaoi chéanna, faoi Airteagal XII(4)(a), ní fhéadfaidh na sínitheoirí tosaigh (tá gá le trí cinn acu le haghaidh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe) ach na heintitis a liostaítear mar 'Ghníomhairí Cur Chun Feidhme ionchasacha' in Iarscríbhinn C a ainmniú mar Ghníomhairí Cur Chun Feidhme.

Bhí gá leis sin chun aon chur isteach ó Pháirtithe a n-iarrtar orthu an Comhaontú a shíniú ach nár ghlac páirt ina chaibidlíocht agus nach gá go mbeadh siad ailínithe le comhaintinn na bPáirtithe a ghlac páirt sa chaibidlíocht.

Airteagal XV (Leanadh den chomhar). áirithítear leanúnachas réidh na ngníomhaíochtaí teicniúla reatha arna dtionscnamh faoi Shocrú Córais agus Socruithe Tionscadail. Déantar foráil san Airteagal seo ar thaobh amháin maidir le briseadh iomlán nó 'scor glan' i Socruithe Córais agus Socruithe Tionscadail uile Chreat-Chomhaontú 2005 atá ann faoi láthair. Ní leanfar leis an gcomhoibriú faoin gCreat-Chomhaontú 2005; ina ionad sin, leanfar leis faoi Chreat-Chomhaontú nua 2025 trí Shocrú Córais agus Socruithe Tionscadail athnuaite (de bhun Airteagal V de Chreat-Chomhaontú 2025). Ar an taobh eile, agus is pointe tábhachtach é sin do Euratom, is féidir leanúint den chomhar sin le heintitis Stát nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a liostaítear in Iarscríbhinn C nach bhfuil ina bPáirtithe i gCreat-Chomhaontú 2025 go fóill. Leis an bhforáil sin – mar aon leis an bhféidearthacht cuireadh a fháil chuig an nGrúpa Beartais agus chuig cruinnithe eile – tugtar dóthain ama do na Páirtithe a nósanna imeachta aontachais a thabhairt chun críche.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil Socruithe Tionscadail oscailte d'aon eintiteas príobháideach (fiú eintitis phríobháideacha nach bhfuil faoi dhlínse aon cheann de na Páirtithe). Mar sin féin, tá an rannpháirtíocht sin faoi réir fhormheas na bPáirtithe a bhfuil ionadaíocht déanta orthu sa Ghrúpa Beartais, mar a leagtar síos in Airteagal V(7)(b).

Tá dhá Mheabhrán Tuisceana (MTanna) ag struchtúr comhair GIF, lena dtugtar aghaidh ar chomhar in dhá chóras GIF nach bhfuil Socruithe Córais tugtha i gcrích ina leith go fóill. Níl aon dáta deiridh ag na MTanna sin, dá bhrí sin, ní mór do na Gníomhairí Cur Chun Feidhme uile tarraingt siar ó na MTanna a liostaítear in Iarscríbhinn B, agus moltar dóibh MTanna nua a thabhairt i gcrích faoin gCreat-Chomhaontú nua chun an cuspóir maidir le comhoibriú le páirtithe atá toilteanach go

frithpháirteach a bhaint amach, (i gcomhréir le hAirteagal V(1)(b) agus (c) agus Airteagal V(11).

Ní bheidh Euratom in ann aontú do Shocruithe Córais ná do MTanna (a bhfuil a síniú forchoimeádta do Ghníomhairí Cur Chun Feidhme) go dtí go n-aontóidh sé do Chreat-Chomhaontú 2025, ach beidh sé in ann gníomhaíochtaí a shaothrú i ndáil le gach Socrú Tionscadail a liostaítear in Iarscríbhinn B.

Na bunteangacha

Cuirtear an Comhaontú ar fáil mar scríbhinn bhunaidh amháin, i mBéarla agus i bhFraincis, agus comhúdarás ag gach téacs. Rinne rialtais Cheanada agus na Fraince athbhreithniú ar an aistriúchán Fraincise (Iatán 5).

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le haontachas an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) leis an gCreat-Chomhaontú nua le haghaidh comhar idirnáisiúnta ar thaighde agus forbairt i ndáil le Córais Ghlúin IV don Fhuinneamh Núicléach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (dá ngairtear Euratom anseo feasta), agus go háirithe an dara mír d'Airteagal 101 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Thionscain an Airgintín, an Bhrasaíl, Ceanada, an Fhrainc, an tSeapáin, Poblacht na Cóiré, an Afraic Theas, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus an Ríocht Aontaithe Fóram Idirnáisiúnta Ghlúin IV (GIF) mar iarracht idirnáisiúnta chomhoibritheach chun an taighde agus an fhorbairt (T&F) is gá a dhéanamh chun indéantacht agus feidhmíocht córas núicléach den cheathrú glúin a thástáil, agus chun iad a chur ar fáil lena n-imscaradh tionsclaíoch faoi 2030;
- (2) Ina dhiaidh sin, shínigh an Eilvéis Cairt GIF in 2002, agus shínigh Daon-Phoblacht na Síne agus Cónaidhm na Rúise í in 2006;
- (3) D'aontaigh Euratom do GIF an 30 Iúil 2003 trí Chairt GIF a shíniú;
- (4) Bhí creat dlíthiúil ag teastáil ón gcomhar agus malartú idirnáisiúnta in T&F na teicneolaíochta núicléiche a beartaíodh faoi GIF, creat a chuir slándáil dhlíthiúil ar fáil do na rannpháirtithe, go háirithe i bhfianaise chosaint na gceart a ghintear tríd an obair thaighde, amhail cearta maoine intleachtúla;
- (5) Chuige sin, tháinig Páirtithe GIF ar chomhaontú maidir le Creat-Chomhaontú lena leagtar síos na coinníollacha don chomhar agus do shocruithe córais agus socruithe tionscadail ina dhiaidh sin, ar aontaigh Euratom dóibh in 2006;
- (6) In 2015, cuireadh síneadh 10 mbliana eile leis an gCreat-Chomhaontú agus rachaidh sé in éag an 28 Feabhra 2025;
- (7) Chun leanúnachas na dtionscadal taighde agus na ngníomhaíochtaí GIF atá ar siúl faoi láthair a áirithiú, rinne Stáit atá toilteanach go frithpháirteach agus ar Páirtithe iad sa Chreat-Chomhaontú athnuachan ar an gCreat-Chomhaontú a chaibidliú, i bhfianaise na staide geopholaitiúla atá ann faoi láthair;
- (8) Fanfaidh ranníocaíocht Euratom le tionscadail T&F GIF laistigh de raon feidhme na gcinntí ón gComhairle maidir le Creatchlár Taighde agus Oiliúna Euratom;
- (9) Féadfaidh aon Bhallstát, a eagraíochtaí taighde poiblí nó príobháideacha nó a thionscal a ranníocaíocht dhíreach a dhíriú ar na tionscadail T&F sin trí aontachas Euratom leis an gCreat-Chomhaontú;
- (10) Ba cheart, dá bhrí sin, tabhairt i gcrích an Chreat-Chomhaontaithe nua ag an gCoimisiún Eorpach, thar ceann Euratom, a fhormheas.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Alt Aonair

Formheastar leis seo go dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach i gcrích, thar ceann Euratom, an ‘Creat-Chomhaontú le haghaidh comhar idirnáisiúnta ar thaighde agus forbairt i ndáil le Córais Ghlúin IV don Fhuinneamh Núicléach’ atá i gceangal leis seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán